EUROPEAN CENTRE FOR MODERN LANGUAGES
CENTRE EUROPEEN POUR LES LANGUES VIVANTES

COUNCIL OF EUROPE
CONSEIL DE L'EUROPE

Inspiring innovation in language education

Ionad Eorpach um Nuatheangacha de chuid Chomhairle na hEorpa

# Glao ar thairiscintí don chlár 2020-2023

## Ag spreagadh nuálaíochta in oideachas teanga: comhthéacsanna atá ag athrú, inniúlachtaí atá ag forbairt

**An bhfuil tú ag obair i réimse an oideachas teanga, b'fhéidir mar mhúinteoir, mar oideoir múinteoirí, mar thaighdeoir, mar scríobhaí curaclaim nó ábhair?**




Tugann Glao ar Thairiscintí an Ionaid Eorpaigh um Nuatheangacha deis duit leas a bhaint as ardán Eorpach ar leith chun idirbheartaíocht agus cumarsáid a dhéanamh agus do chuid smaointe nuálacha a fhoilsiú. Is féidir leat fíor-rannchuidiú a dhéanamh chun dul i bhfeidhm ar oideachas teanga san Eoraip.

Má tá tú ag obair agus i do chónaí i mballstát den ionad Eorpach um Nuatheangacha agus más maith leat do chuid smaointe ar oideachas teanga a roinnt agus a shaibhriú trí chomhar Eorpach, ba mhaith linn scéala a fháil uait!

**www.ecml.at/call**

# Ag spreagadh nuálaíochta in oideachas teanga


Leis an Ionad Eorpach um Nuatheangacha cabhraítear chun droichead a thógáil idir beartas teanga agus cleachtas oideachais i gcomhthéacsanna foghlama foirmiúla agus neamhfhoirmiúla /seachfhoirmiúla.

Tugtar le chéile speisialtóirí ó gach cearn den Eoraip chun obair ar mhodheolaíochtaí agus ábhair nua a fhorbairt d'oideachas teanga i domhan atá ag athrú.

Ar shuíomh gréasáin an Ionaid Eorpaigh um Nuatheangacha tairgtear réimse leathan acmhainní saor in aisce do mhúinteoirí teanga, oideoirí múinteoirí agus do lucht gairme teanga eile.

## Tosaíochtaí in oideachas teanga i mballstáit an Ionaid Eorpaigh um Nuatheangacha

Tá réimsí tosaíochta an Ghlao ar thairiscintí seo bunaithe ar riachtanais ballstát an Ionaid Eorpaigh um Nuatheangacha, léiríonn siad tuairimí lucht gairme teanga agus glacann siad san áireamh na forbairtí ag Comhairle na hEorpa agus ag eagraíochtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta eile.




Ar mhaith leat tabhairt faoi cheann amháin nó níos mó de na tosaíochtaí seo i gcomhthéacs tionscadail de chuid an Ionaid Eorpaigh um Nuatheangacha? An bhfuil suim agat in acmhainní sothuigthe praiticiúla a fhorbairt atá inoiriúnaithe go héasca chun freastal ar chomhthéacsanna náisiúnta éagsúla? Ar mhaith leat é seo a dhéanamh le tacaíocht ó institiúid Eorpach cháiliúil?

**Fonn ort?** Féach ar an suíomh gréasáin tiomnaithe chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le hiarratas a dhéanamh.

**Spriocdháta le haghaidh tairiscintí: 22 Aibreán 2019**

Institiúid de chuid Chomhairle na hEorpa is ea an tIonad Eorpach um Nuatheangacha atá bunaithe i nGraz na hOstaire. Is é misean an Ionaid Eorpaigh um Nuatheangacha oideachas teanga ardcháilíochta a chur chun cinn san Eoraip. Tacaíonn clár gníomhaíochtaí tionscadal-bhunaithe seo an Ionaid leis an 33 bhallstát dá chuid beartais oideachais teanga éifeachtacha a chur i bhfeidhm.

EUROPEAN CENTRE FOR MODERN LANGUAGES
CENTRE EUROPEEN POUR LES LANGUES VIVANTES

COUNCIL OF EUROPE
CONSEIL DE L'EUROPE

Ballstáit an Ionaid Eorpaigh um Nuatheangacha: An Albáin, Andóra, an Airméin, an Ostair, Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Bhulgáir, an Chróit, Cipir, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Ghréig, an Íoslainn, Éire, an Laitvia, Lichtinstéin, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, An Mhacadóin Thuaidh, Montainéagró, an Ísiltír, an Iorua, an Pholainn, an Rómáin, an tSeirbia, Poblacht na Slóvaice, an tSlóivéin, an tSualainn, an Eilvéis / stádas: Eanáir 2019

**www.ecml.at/call**